



Tá iarratais á lorg ó iarrthóirí oiriúnacha don phost seo a leanas:

Taighdeoir Iardhochtúireachta i dTeagasc Na Gaeilge
Creat Gairme DCU – Leibhéal 1
SEALBHÚ: Lárionad Taighde do Theagasc agus Foghlaim na Gaeilge
Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile
Conradh suas go 8 mí: Páirt-aimseartha, lá go leith sa tseachtain

Forbhreathnú

Is institiúid dinimiciúil diantaighde, a bhfuil cáil dhomhanda uirthi í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) www.dcu.ie. Tá aitheantas domhanda bainte amach ag an Ollscoil mar gheall ar cháilíocht agus tionchar a céimithe agus as a fócas ar aistriú eolais chun sochair na sochaí agus na heacnamíochta. Ullmhaíonn DCU a cuid mac léinn go maith le go n-éireoidh leo sa saol, agus san ionad oibre, trí oideachas ardchaighdeáin iomlánaíoch a sholáthar a oireann do dhúshláin agus do dheiseanna an 21ú haois. Mar Ollscoil Fiontar agus Claochlaithe na hÉireann, is cuid de chomharthaí sóirt atá ag baint le DCU ná fócas ar nuálaíocht agus fiontraíocht agus tá éifeachtacht a rannpháirtíocht san eanáil fiontair léirithe arís is arís eile, lena n-áirítear fiontair thráchtála, shóisialta agus chultúrtha. Mar thoradh ar fheabhas a cuid gníomhaíochtaí oideachais agus taighde tá áit chomhsheasmhach bainte amach go leanúnach ag DCU i rangú na n-ollscoileanna óga is fearr ar domhan. Tá breis agus 18,000 mac léinn cláraithe sna cúig Dhámh inti – Eolaíocht agus Sláinte, Scoil Ghnó DCU, Ríomhaireacht agus Innealtóireacht, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta, agus Institiúid Oideachais DCU.

Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Is í Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an dámh is nua in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé suite ar shaoráid shaintógtha ar luach €70 milliún ar Champas Phádraig OCBÁC i nDroim Conrach i mBaile Átha Cliath. Bunaíodh é in 2016 mar an chéad Dámh Ollscoile um Oideachas in Éirinn, agus tá baill foirne de níos mó ná 140 acadóir ag obair inti agus freastalaíonn os cionn 4,000 mac léinn uirthi.

San Institiúid, tugtar le chéile na mic léinn go léir ó gach réimse oideachais lena n-áirítear oideachas luath-óige, bunscoile agus iar-bhunscoile, breisoideachas agus ardoideachas. Chomh maith le raon de chlárí fochéimithe san oideachas a sholáthar, cuireann an Institiúid raon leathan de chlárí iarchéime múinte agus clárí iarchéime bunaithe ar thaighde ar fáil ag leibhéal dhochtúra, mháistreachta, dhioplóma agus theastais.

Mar ionad barr feabhais sna croí-réimsí Oiliúna Tosaigh Múinteoirí agus oideachas go ginearálta, tá réimse leathan d'ionaid taighde atá dírithe ar mhórspricanna uailmhianacha mar chuid lárnach d'fhorbairt chlárí taighde na hInstitiúide. Soláthraíonn an Institiúid timpeallacht oibre agus fhoghlama dhinimiciúil i gcomhlúadar saineolaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta sna réimsí: polasaí oideachais,

oideachas ionchuimsithigh agus speisialta, curaclam agus oideolaíocht, meastóireacht, litearthacht, measúnú, oideachas múinteoirí. Is féidir go mbeidh súil ag baill foirne le deiseanna mar a bhaineann le hobair ildisciplíneach ní hamháin san Institiúid ach trasna na hOllscoile. Mar cheann de na príomhollscoileanna is óige ar domhan, eascraíodh bhunú an chúigiú dámh nua mar gheall ar an tuairim dhaingean go bhfuil staidéar agus taighde san oideachas mar aon leis an tacaíocht agus cúnaimh a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí croilárnach i gclaochlú saoil agus pobail.

Tá Institiúid Oideachais DCU tiomanta do bharr feabhais oideachas agus nuálaíocht agus muiníneach go mbeidh ról rathúla agus ceannasaíochta ag mic léinn, foireann agus céimithe na hInstitiúide i gcomhthéacs na ndúshlán agus na gcastachtaí a bhaineann le hoideachas an 21ú haois.

SEALBHÚ

SEALBHÚ an t-ainm atá ar an Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge, *the DCU Research Centre for the Learning and Teaching of Irish*. Ba mhaith le SEALBHÚ taighdeoir iardhochtúireachta a fhostú ón 1 Samhain 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022 ar feadh lá go leith sa tseachtain. Oibreoidh an taighdeoir ar thionscadal taighde dírithe ar sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta do pháistí a labhraíonn teangacha eile sa bhaile seachas Gaeilge nó Béarla nó chomh maith le Gaeilge agus Béarla.

Próifíl an Tionscadail

Oibreoidh an taighdeoir ar thionscadal taighde dírithe ar sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta do pháistí a labhraíonn teangacha eile sa bhaile seachas Gaeilge nó Béarla nó chomh maith le Gaeilge agus Béarla. Is iad na tascanna a bheidh i gceist ná: obair ar léirmheas litríochta, obair pháirce a chuimsíonn agallaimh agus grúpaí fócais, anailís ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí an taighde. Reáchtálfar an taighde trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla.

Cúraimí agus Freagrachtaí

Féach an Sonrúchán Poist chun teacht ar liosta freagrachtaí a ghabhann leis an ról seo.

Cáilíochtaí agus Taithí

Critéir Riachtanacha:

- PhD in ábhar ábhartha
- Gaeilge líofa ó bhéal.

Inmhianaithe:

- Taithí sna rannóga seo a leanas: polasaí teanga an teaghlaigh, éagsúlacht teanga agus cultúir, an dátheangachas agus an ilteangachas, sealbhú teangacha.
- Taithí ar obair mar bhall d'fhoireann taighde.

Déanfar iarrthóirí a mheas ar na hinniúlachtaí seo a leanas:

-Eolas disciplín agus scileanna taighde: Léiríonn eolas ar a ndisciplín taighde agus cumas tabhairt faoi thionscadal taighde mar chuid den disciplín.

-Tuiscint ar an timpeallacht taighde: Léiríonn feasacht ar an timpeallacht taighde go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus chomh maith leis an gcumas cur le hiarratais ar dheontais agus ar thionscnaimh mhaoinithe.

-Taighde a chur in iúl– Léiríonn an cumas torthaí an taighde a roinnt le piaraí agus lena bpobal taighde (m.sh trí chomhdhálacha agus trí ailt a fhoilsiú in irisí cuí).

-Scileanna Bainistíochta agus Ceannasaíochta: Léiríonn an acmhainneacht tionscadal taighde a bhainistiú, stiúradh mac léinn fochéime san áireamh.

Oiliúint Éigeantach

Beidh ar an sealbhóir poist tabhairt faoin oiliúint éigeantach comhlíonta seo a leanas a dhéanamh: Polasaí maidir le Cosaint Linbh, Sláinte agus Sábháilteach agus Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Scála Tuarastail: Scála IUA Leibhéal 2; 1 go 6; *€39,132 - €45,157

**Déanfar an ceapachán i gcomhréir le cáilíochtaí agus taithí an iarrthóra, agus de réir pholasaí pá reatha an Rialtais.*

Spriocdháta: 28 Deireadh Fómhair, 2021

Ba chóir fiosrúcháin neamhfhoirmiúla maidir leis an ról seo a chur chuig:

Aisling Ní Dhiorbháin, Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige, Institiúid Oideachais DCU, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Seol ríomhphost chuig aisling.nidhiorbhain@dcu.ie Ná seol iarratais chuig an seoladh ríomhphoist seo.

Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh: Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar <https://www.dcu.ie/hr/vacancies-current-vacancies-external-applicants>. Ba chóir d'iarratasóirí foirm iarratais chlóschríofa a chomhlánú agus a chur isteach chuig hr.applications@dcu.ie

Luaigh go soiléir le do thoil an ról a bhfuil tú ag cur isteach air i d'iarratas agus i líne ábhair an ríomhphoist: #RF1582 Taighdeoir Iardhochtúireachta i dTeagasc Na Gaeilge.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

I gcomhréir le hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, tá an Ollscoil tiomanta do chaitheamh go cothrom leo siúd uile a bheidh ag plé lena nósanna imeachta earcaíochta, roghnúcháin agus ceapacháin.

Léiríonn Dámhachtain Chré-Umha Athena SWAN na hOllscoile a tiomantas i leith chur chun cinn an chomhionannais inscne agus réiteach bearnaí pá ar bhonn inscne. Tá eolas ar réimse polasaithe Ollscoile a bhfuil mar aidhm acu timpeallacht oibre thacúil sholúbtha a chothú ar fáil sna [DCU Policy Starter Packs](#)